TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Comhdháil Chosanta Leanaí

Bileog Eolais do Ghairmithe

signs of safety®

De réir *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*, tá sé de dhualgas ar gach duine a bhíonn ag obair le páistí iad a choinneáil sábháilte.

Tionóltar Comhdháil Chosanta Leanaí (CCL) nuair a thuigtear ó mheasúnú ata déanta ag Tusla ar chás cosanta linbh go bhfuil páiste i mbaol leanúnach dochair ó mhí-úsáid ag a thuismitheoirí. Tá an bhileog seo ann le cuidiú leat an cuspóir atá ag CCL, agus do ról mar rannpháirtí sa chomhdháil a thuiscint. Ba chóir an bhileog seo a léamh in éineacht le hEolas do Ghairmithe de chuid Tusla, a thugann achoimre ar an gCur chuige Náisiúnta Chomharthaí Sábháilteachta maidir le cleachtas oibre sóisialta le páistí agus lena dtuismitheoirí.

An Cuspóir atá ag Comhdháil Chosanta Leanaí

Is cruinniú idir-ghníomhaireachta agus teaghlaigh é CCL a reáchtáiltear nuair a bhíonn imní ann go bhfuil páiste i mbaol leanúnach dochair ó mhí-úsáid, lena n-áirítear faillí. Is tosaíocht mhór ag foireann na n-oibrithe sóisialta cásanna mar seo. Is Príomh-Oibrí Sóisialta nach bhfuil bainteach le cásbhainistíocht na bpáistí a bheidh ina bhun agus ina chathaoirleach air.

Tá an bhileog seo ann le cuidiú leat an cuspóir atá ag CCL a thuiscint

Is é an cuspóir atá ag CCL ná:

- Cinneadh má tá an páiste i mbaol leanúnach dochair
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí, an pháiste agus daoine a bhfuil baint nadúrtha acu leis an teaghlach a uasmhéadú chun plean éifeachtach sábháilteachta a chruthú
- An imní atá ar na gairmithe agus an méid a bheidh Tusla ag iarraidh a bheith déanta ionas go mbeidh na páistí sábháilte leis an teaghlach, a mhiniú don teaghlach agus don ghréasán
- Barúlacha agus réitigh na dtuismitheoirí a lorg
- An páiste a chur ar liosta an Chórais Fógartha um Chosaint Leanaí, má chinntear go bhfuil an páiste i mbaol leanúnach dochair ó mhí-úsáid ag a thuismitheoirí.

An Córas Fógartha um Chosaint Leanaí (CFCL)

Is bunachar sonraí slán é an CFCL ina bhfuil taifead náisiúnta ar gach páiste atá i ndiaidh an tairseach a bhaint amach maidir le bheith i mbaol leanúnach dochair agus mar a bhfuil imní leanúnach ann fós maidir le cosaint leanaí. Tá an liosta ann chun cuidiú le grúpa beag de ghairmithe ábhartha cinntí a dhéanamh faoi shábháilteacht páiste. Tá rochtain ar an CFCL teoranta go docht d'oibrithe sóisialta Tulsa, baill den Gharda Síochána, agus Liachleachtóirí Ginearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Nuair a chinntear nach bhfuil an páiste i mbaol leanúnach dochair a thuilleadh, athrófar a thaifead ó ghníomhach go neamhghníomhach. Ar a 18ú breithlá, scriosfar a thaifead ón CFCL.

Rannpháirtithe Ceadaithe

Má iarrtar ort freastal ar Chomhdháil Chosanta Leanaí, gheobhaidh tú cuireadh chuici. Tá eolas sa chuireadh faoi thuarascáil a iarrfar ort a ullmhú agus a chur chuig an gCathaoirleach roimh ré. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála an Chathaoirligh agus is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis má bhíonn ceisteanna agat.
Chomh maith leis an bpáiste, tuismitheoir/í an pháiste agus baill foirne ó sheirbhís Obair Shóisialta Tusla a bheith i láthair, meastar na catagóirí seo a leanas a bheith incháilithe do chuireadh chuig CPC:

- Tuismitheoirí
- Is féidir le haon pháiste thar 12 bliain d'aois a theacht chuig cuid de nó an CCL uilig
- Daoine atá tábhachtach don pháiste agus do na tuismitheoirí, agus ar féidir leo iad a choinneáil sábháilte – tugaimid an 'Gréasán Sábháilteachta' ar an ngrúpa seo
- Duine tacaíochta do na tuismitheoirí nó don pháiste
- Baill an Teaghlaigh, agus an Ghréasáin Sábháilteachta seachas tuismitheoir(í) – tá sé riachtanach go bhfreastalóidh said seo nuair atá plean sábháilteachta um chosaint leanaí á chur le chéile más gá sin.
- Nótaire
- Oibrí Sóisialta de chuid Tusla agus a bhainisteoir
- Cathaoirleach CCL
- Gairmí a mbíonn teagmháil dhíreach aige leis an bpáiste nó tuismitheoir/í nó ionadaí ón tseirbhís nó ón ngníomhaireacht ar leith i gceist
- Gairmí nach bhfuil páirteach níos mó ach a shíltear go bhfuil sé riachtanach go bhfreastalóidh sé sa dóigh is go mbeidh toradh eolach ann
- Múinteoirí, Altraí Sláinte Poiblí (i gcás páistí atá 5 bliana d'aois nó níos óige nó atá ag fáil na seirbhíse PHN), Liachleachtóirí Ginearálta agus sainchomhairleoirí leighis.
- Baill den Gharda Síochána a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás (ní gá cuireadh a thabhairt go rialta do Ghardaí chuig gach CCL)
- Cúntóirí Baile, Oifigigh Leasa Pobail, Cleachtóirí Tacaíochta Teaghlaigh, Cúntóirí Ranga agus Foireann Tacaíochta eile, más gá
- Mic léinn faoi oiliúint (le cead ó bhaill teaghlaigh)

Daoine Sainordaithe

Cuireann an tAcht Páistí Ar dtús 2015 oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine áirithe, ar gairmithe iad go leor acu, chun imní faoi chosaint leanaí ag tairseach sainithe nó os a chionn a thuairisciú don Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh – Tusla.

Ní mór do na daoine sainordaithe seo cabhrú le Tusla freisin, má iarrtar orthu, agus é ag déanamh measúnaithe ar imní faoi chosaint leanaí i gcás páistí a bhí ina n-ábhar do thuairisc shainordaithe.

An Próiseas CCL

Treoraíonn an Cathaoirleach iad siúd atá ag freastal tríd an gcreat measúnaithe Comharthaí Sábháilteachta ag baint úsáide as clár bán nó smeach-chairt trí cheisteanna a bhaineann leis na trí cholún den Léarscáil Comharthaí Sábháilteachta a chur ar rannpháirtithe uile an CCL:

- Céard a bhfuil ag éirí leis?
- Céard faoi a bhfiul tú buartha?
- Céard a chaithfidh tarlú?

Cuidíonn an chur chuige seo le comhroinnt eolais ó peirspictíochtaí éagsúla. Iarrtar ar gach duine a mbreithiúnas agus a réasúnaíocht maidir le sábháilteacht reatha an pháiste a mheas ar scála ó '0' – '10' ag baint úsáide as an gCeist um Scálú Sábháilteachta. Iartar ar gach duine teanga shoiléir, shimplí agus fóirsteanach don iompraíocht atá i gceist a úsáid. Cinntíonn sé seo trédhearcacht agus go dtuigeann tuismitheoirí agus teaghlaigh gach cinneadh a dhéantar. Cruthaítear rialacha agus socruithe chun a chinntiú go gcoinneofar páiste sábháilte fiú nuair a bhíonn baol nó dul sa seans i gceist. Tógtar orthu seo agus déantar athbhreithniú orthu ag cruinnithe gréasáin tar éis na comhdhála i gcuideachta an teaghlaigh.

Cluinfidh gach duine i láthair an Ráiteas Contúirte, an Sprioc Sábháilteachta agus an Cheist Scálaithe a bhaineann go sonrach leis an bpáiste. Beidh siad seo roinnte leis an teaghlach roimh ré.

Tá dearcadh an pháiste lárnach don CCL. Roimh an gcomhdháil, tabharfaidh an tOibrí Sóisialta tacaíocht don pháiste a thuairimí a chur in iúl go soiléir agus beidh siad roinnte leis na tuismitheoirí nó na cúramóirí. Roinnfear a thuairimí fosta ag an CCL más amhlaidh nach mian leis an bpáiste a bheith i láthair, nó mura bhfuil sé chun a leasa a bheith ann.

Do Ról mar Ghairmí ag an gComhdháil Chosanta Leanaí

Mar ghairmí atá rannpháirteach i CCL, táthar ag súil:

- Mar ghairmí atá rannpháirteach i CCL, táthar ag súil:
- go bhfreastalóidh tú ar agus go nglacfaidh tú páirt mar is gá ag CruinnitheCL/Cruinnithe Athbhreithnithe CL
- do dhearcadh a roinnt agus tuarascáil a ullmhú don CCL nuair a iarrtar sin
- do thuairim a roinnt faoi cé acu ar cheart an paiste a liostú gníomhach ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí nó nár cheart
- Go mbeidh tú tiomanta na codanna sin den Phlean Sábháilteachta um Chosaint Leanaí a bhaineann leat a chur i bhfeidhm.

Táthar ag súil go roinnfidh tú do thuairisc chomhdhála leis na tuismitheoirí / cúramóirí a bhí ag an gcruinniú ach ní sa chás go ndéanfadh sé dochar don pháiste dá roinnfeá

Más neamhshoiléir duit aon rud, ba cheart duit é a phlé leis an gCathaoirleach roimh an CPC. Má shíleann tú go ndéanfadh sé dochar don pháiste, do bhall den teaghlach nó do bhall den ghréasán a bheith i láthair, pléitear é seo le Cathaoirleach an CCL roimh ré.

Comhdháil Chosanta Leanaí Athbhreithnithe

Déanfar an Plean Sábháilteachta CCL seo a athbhreithniú taobh istigh de 6 mhí. Ag an athbhreithniú seo, cinneofar an bhfuil ag éirí leis an bplean Sábháilteachta CCL. Úsáidfidh gach duine i láthair an scála sábháilteachta chun seo a mheas. Cinnfidh na gairmithe i láthair cé acu síleann said go bhfuil do pháiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsáid nó nach bhfuil.

Má chinneann said nach bhfuil do pháiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsáid, bainfear ainm do pháiste den CFCL (Mínítear an CFCL ar leathanach 6). Leanfaidh muid dár n-obair leat, le do theaghlach agus le do Ghréasán Sábháiltachta le cinntiú go bhfuil ag éirí leis an bPlean Sábháilteachta do pháiste a choinneáil sábháilte agus le haontú céard is gá a dhéanamh fós sular féidir linn cás do pháiste a dhruidim le Tusla.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 'Cur Chuige Náisiúnta Tusla maidir le Cleachtadh i gCosaint agus Leas Leanaí'. Tá bileog eolais do chomhpháirtithe seachtracha ar fáil ag **www.tusla.ie.**

Próiseas Déanta Gearán

Más mian leat gearán a dhéanamh, iarraimid ort teagmháil a dhéanamh leis an mball foirne i gceist chun an scéal a réiteach. Tá bileog a mhíníonn an próiseas seo ar fail ag www.tusla.ie.

Próiseálfar do shonraí pearsanta de réir na reachtaíochta ábhartha um chosaint sonraí agus ceanglais dhlíthiúla eile a bhfuil dualgas ar Tusla cloí leo. Tá sonraí iomlána ar Pholasaí Príobháideachta Tusla (ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas maidir le do cheart mar ábhar sonraí) ar fáil sa Rannán Fúinn (Saoirse Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Rochtain Riaracháin) ar **www.tusla .ie**

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

www.tusla.ie